**Aguisín 1**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# Foirm Iarratais ar Dheimhniú Díolúine chun madra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann a choinneáil in Éirinn

Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Díolúine saoil do mhadra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann.

## Cuspóir an Iarratais atá á chur isteach

**(a) Iarratas Céaduaire** ☐

**(b) Iarratas ar Athrú Seolta** ☐

**(c) Iarratas ar Athrú Úinéara mar gheall ar Bhás nó Éagumas Úinéir a bhfuil Deimhniú Díolúine aige don Mhadra a luaitear thíos** ☐

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Dheimhniú Díolúine nua mar gheall ar Athrú ar Sheoladh nó Athrú Úinéara mar thoradh ar Bhás nó Éagumas Úinéara a bhfuil Deimhniú Díolúine aige don Mhadra a luaitear thíos, cuir isteach Uimhir Thagartha an Deimhnithe Díolúine thíos:

| |
|---|
| |

## Do chuid sonraí

### Ainm an Úinéara

### Seoladh

### Éirchód

### An bhfuil cónaí ort i bPoblacht na hÉireann?

Tá ☐

Níl ☐

### Dáta breithe an iarratasóra

Úsáid formáid LL/MM/BBBB

### Uimhir theileafóin

### Seoladh ríomhphoist an úinéara (roghnach)

## Sonraí an Mhadra

| **Ainm an Mhadra** | **Dáta Breithe an Mhadra** (Déan meastachán ar an dáta mura bhfuil sé ar eolas) | **Dath an Mhadra** | **Inscne an Mhadra** (Fireann nó baineann) | **An bhfuil an madra neodraithe ?** (Tá nó níl) | **Uimhir Mhicrishlise** | **Uimhir Cheadúnais an Mhadra** | **Ainm & Seoladh Tréidlia Máinlia/Cleachtóra** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## Dearbhú

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam i m'úinéir cláraithe ar mhadra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann.

1. Tuigim go gcaithfear na ceanglais a liostaítear faoi *na* ***'Ceanglais maidir le Deimhniú Díolúine'*** mar atá leagtha amach *sna* ***'Treoirlínte chun an Fhoirm Iarratais ar Dheimhniú Díolúine a chomhlánú chun madra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann a choinneáil in Éirinn***' a chomhlíonadh ar feadh shaol an mhadra, nó faoin dáta a shonraítear sa choinníoll, ionas go mairfidh díolúine an mhadra.

2. Tuigim go bhféadfadh Oifigeach Údaraithe (i.e. Maor Madraí nó comhalta den Gharda Síochána)an madra a ghabháil mar thoradh ar mhainneachtain aon cheann de na ceanglais a dtagraítear dóibh ag 1 thuas a chomhlíonadh agus go bhféadfadh Máinlia/Cleachtóir Tréidliachta cláraithe an madra a mharú ar bhealach daonnachtúil.

3. Tuigim gur cion coiriúil é madra den chineál seo a choinneáil tar éis an 31 Eanáir 2025, gan iarratas bailí ar Dheimhniú Díolúine a bheith déanta. D'fhéadfadh Oifigeach Údaraithe (i.e. Maor Madraí nó comhalta den Gharda Síochána) an madra a ghabháil agus socrú a dhéanamh le Máinlia/Cleachtóir Tréidliachta ina dhiaidh sin an madra a chur síos.

4. Geallaim a chinntiú go mbeidh an madra coinnithe in áitreabh atá slán, oiriúnach dá leas agus ar bhealach a nach mbeidh an madra in ann éalú.

5. Tuigim go bhfuil sé de fhreagracht ormsa, úinéir an mhadra, a chinntiú go bhfuil mé ag cloí le gach reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le húinéireacht an mhadra.

6. Tuigim go bhfuil sé mídhleathach aon cheann díobh seo a leanas a dhéanamh maidir leis an madra:

   i. an madra a phórú
   ii. an madra a dhíol nó a mhalartú
   iii. a fhógairt nó a thabhairt ar aird go bhfuil an madra le díol, an madra a thabhairt mar bhronntanas, nó an madra a fhógairt mar bhronntanas
   iv. an madra a thréigean nó ligean don mhadra a bheith ag dul ar strae
   v. Mainneachtain béalóg a choinneáil ar an madra in áit phoiblí
   vi. Mainneachtain iall a choinneáil ar an madra in áit phoiblí

vii. Mainneachtain an madra a choinneáil in áitreabh cuí agus slán

Toilím go mbaileoidh agus go bpróiseálfaidh Comhairle Contae Chorcaí, nuair a bheidh an t-iarratas seo ar Dheimhniú Díolúine á dhéanamh, méid áirithe de mo shonraí pearsanta. Déanfar na sonraí seo a láimhseáil, a stóráil agus a phróiseáil ar aon dul le Polasaí Príobháideachta agus Cosanta Sonraí Chomhairle Contae Chorcaí.

Admhaím go gcuirfear an Deimhniú ó bhailíocht má chuirtear sonraí bréagacha ar fáil nó mura gcloítear le ceanglais an Deimhnithe Díolúine. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí mé a ionchúiseamh, agus d'fhéadfaí an madra a luaitear san iarratas seo a ghabháil agus a mharú ina dhiaidh sin ar bhealach daonnachtúil.

**Síniú an Iarratasóra**

**Ainm an Iarratasóra (Bloclitreacha)**

**Dáta an tsínithe**

**Féach Liosta na gCáipéisí atá ceangailte**

- ☐ Cóip de Cheadúnas Madraí bailí
- ☐ Cóip de Dheimhniú Micrishlise
- ☐ Cóip den Fhoirm um Dhearbhú Stádais Neodraithe
- ☐ Cruthúnas Céannachta Fótagrafach (Cóip de Phas, Ceadúnas Tiomána, cárta seirbhísí poiblí srl.)
- ☐ Cruthúnas ar Sheoladh (Cóip de Bhille Fóntais nó de ráiteas bainc a eisíodh le trí mhí anuas)

***Príobháideacht & Cosaint Sonraí:***

***Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta ionas gur féidir linn d'iarratas ar dheimhniú díolúine le haghaidh Madra den chineál Bulaí Ollmhór (Bully XL) a phróiseáil. Go dleathach is féidir linn an fhaisnéis seo a phróiseáil toisc go bhfuil sé riachtanach dúinn ár n-oibleagáidí reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh (Rialachán 7 de na Rialacháin um Rialú Madraí (Bulaí Ollmhór) 2024). Tá sé mar phríomhthosaíocht don Chomhairle do shonraí pearsanta a chosaint agus déanfar do shonraí a phróiseáil de réir ár mBeartas Príobháideachta atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag Cosaint Sonraí, Ráiteas Príobháideachta do Chomhairle Contae Chorcaí | Comhairle Contae Chorcaí nó ar chóip chrua ónár n-oifigí ag Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire. Má tá aon cheist agat faoinár mbeartas príobháideachta nó faoin eolas atá againn fút, déan teagmháil linn le do thoil trí ríomhphost chuig dpo@corkcoco.ie nó scríobh chugainn ag an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae,Corcaigh.***